

# An Phleanáil Réigiúnach in Éirinn

## Nár Mhaith an Rud Í?

### Proinnsias Breathnach

#### Réamhrá

Gné choitianta den tíreolaíocht eacnamaíochta ar fud an domhain is ea an fhobairt éagothrom. Bíonn sé seo le feiceáil ar leibhéal éagsúla. Mar shampla, tá an caighdeán maireachtála i gcoitinne in Éirinn i bhfad níos ísle ná i réigiún eile iniarthar na hEorpa. Tá difríochtaí suntasacha le fail laistigh d'Éirinn freisin, go háirithe idir oirtheair agus iarthaí na tíre. Agus fiú amháin laistigh de réigiún áirithe in Éirinn, gheofar difríochtaí móra, idir limistéir faoi leith i mBaile Átha Cliath, mar shampla.

Tríd is tríd, tá patrún rialta faoi leith ag baint leis an bhforbairt éagothrom, cibé leibhéal tíreolaíoch atá i gceist. Tá dromchla an domhain eagraithe thart timpeall ar chroílár eacnamaíochta, agus de réir mar a dhruidtear amach ó na croíláir seo titeann an caighdeán maireachtála. Ní hamháin go mbíonn na gníomhaíochtaí eacnamaíochta is mó saibhreas agus táirgíúlacht bailithe sna croíláir, bíonn smacht ag na croíláir ar chórais eacnamaíochta na limistéar imeallach, sa chaoi is go suítear acmhainní ón imeall isteach go dtí an lár. Déantar é seo, mar shampla, trí choibhneasa tráchtála éagothroma, nó trí bhrabach a

bhaint ó fhochomhlactaí ar an imeall atá faoi smacht ceanncheathrúna atá bunaithe sa chroílár.

Tá croílár Iarthar na hEorpa suite sa 'Triantán Órga' a shíneann ó Hamburg go Londain go Stuttgart. Tá áiteanna sa limistéar seo a bhfuil caighdeán maireachtála ag formhór na ndaoine iontu atá suas le cúig uaire níos airde ná mar atá le fail in iarthaí na hÉireann, i bhfad siar ar imeall na hEorpa. Ní fhaightear difríochtaí inmheánacha chomh mór sin in Éirinn, ach tá an struchtúr céanna le feiceáil: is é Baile Atha Cliath an croílár náisiúnta, agus de réir mar a théitear siar ón bpriomhchathair, titeann caighdeán maireachtála an phobail. San iarthuaisceart, tá sé chomh híseal le seasca faoin gcéad de leibhéal na priomhchathrach.

#### Fás na Pleanála Réigiúnaí

Thosaigh rialtais na dtíortha forbartha ar iarrachtaí dearfa chun tabhairt faoi fhadháinna na réigiún tearcfhorbartha i dtíochaidí na haoise seo. Bhí an-chuid de na réigiún seo i gcrúachás i gceart de dheasca ghéarchéim eacnamaíochta na tréimhse sin, réigiún tionsclaíochta ina measc. Roimhe sin, ba é an fhealsúnacht choitianta a bhí i réim ná nár chóir don

rialtas cur isteach ar fheidhmiú an chórais eacnamaíochta. Ach le fás an daonlathais, bhí an-chuid brú á chur ar rialtais rud éigin a dhéanamh, go háirithe ós rud é go raibh cúrsaí chomh dona sin sna tríochaidí.

Tar éis an Dara Cogadh Mór, tháinig rialtais dhaonlathacha shóisialta i gcumhacht ar fud iarthar na hEorpa – rialtais a ghlaic leis gur chóir grúpaí agus limistéir a bhí faoi mhíbhuntáiste a chosaint ar fheidhmiú oscailte an chórais chaipitligh. Mar thoradh amháin air seo, d'fhás scéimeanna éagsúla chun cabhrú le réigiúin thearcfhorbartha, agus glactar leis anois go bhfuil an phleanáil réigiúnach ar cheann de ghnáthdhualgais an rialtais i mbeagnach gach thír.

Cuireadh an bhéim ó thosach i bpolasaithe na pleánala réigiúnaí ar thionscail nua a chothú sna réigiúin thearcfhorbartha. Féachadh ar an tionscláiocht mar phríomhfhoinse saibhris sa chórás eacnamaíochta. Ceapadh go raibh an fhostaíocht in earnáil na seirbhísí ag brath ar an gcaiteachas a leanfadh ar ghiniúint an tsuibhris sin. Mar sin, tugadh isteach scéimeanna éagsúla chun tionscail a mhealladh go spriocréigiún. Bhí deontais, fóirdheontais, facsimh chánach, eastáit tionscláiochta, réamh-mhonarchana, etc. ar na tréithe ba shuntasáí de na scéimeanna sin. Is léir go rabhthas ag brath go mór ar chomhlachtaí a aistriú ó na réigiúin shaibhre. Is é sin le rá nár creideadh go bhféadfaí mórán a dhéanamh chun fás eacnamaíochta a chothú taobh istigh de na réigiúin bhochta féin.

Cé gur éirigh go réasúnta maith leis na scéimeanna chun tionscail a mhealladh go dtí na réigiúin thearcfhorbartha, bhí fadhbanna fós le feiceáil mar sin féin. Obair gan scileanna, ar phá íseal, is mó a bhí le fail sna comhlachtaí a bhí i gceist, agus ba bheag caiteachas a dhein siad (ar amhábhair ná ar sheirbhísí) sna réigiúin ina raibh siad suite. Ina theannta sin, ó na seachtoidí ar aghaidh, ba bheag fostáiocht bhreise a bhí á giniúint in earnáil na

tionscláiochta. Sna seirbhísí (go háirithe in obair oifige) is mó a bhí an fhostaíocht ag fás. Rud ba thábhachtaí fós ná go raibh an fás sin dírithe go mór ar chathracha móra, ar na príomhchathracha go háirithe.

Ní hé sin le rá nach raibh borradh fós in earnáil na tionscláiochta ó thaobh táirgiúlachta de, ach de bharr na nua-theicneolaíochta, ní raibh mórán oibrithe breise ag teastáil ina chomhair. Ina theannta sin, cé go raibh an borradh táirgiúlachta ag tarlú i réigiúin áirithe, is i réigiúin eile ar fad a bhí luach na táirgiúlachta á chaitheamh, agus fostáiocht sna seirbhísí á giniúint dá bharr sin.

Ba é gnáthfhreagra an rialtais ar an bhfadhb ná scéimeanna a thabhairt isteach chun obair oifige a scaipeadh go dtí na réigiúin bhochta. Tugadh faoi seo go príomha trí shrianta a chur ar fhorbairt oifigí nua sna príomhchathracha agus trí aistriú oifigí an rialtais féin. Ba é freagra na hearnála príobháidí ar na srianta seo ná tosú ag cur fúthu sna ceantair díreach in aice leis na príomhchathracha in ionad aistriú go dtí na réigiúin ba mhó riachtanas. I dtaobh aistriú oifigí poiblí de, is obair de leibhéal íseal, ar phá íseal, is mó a bhí i gceist. Níor laghdaigh sé an bhearna ioncaim idir an croílár agus an t-imeall, cé gur fior gur chuir sé fostáiocht bhreise ar fail.

Tríd is tríd, mar sin, is féidir a rá gur éirigh leis an bpleanáil réigiúnach roinnt mhaith post a chruthú sna ceantair bhochta, ach nár laghdaíodh an bhearna idir iad agus na ceantair lárnacha ó thaobh caighdeán maireachtála de, ná nár laghdaíodh an smacht atá ag na croíláir ar na ceantair imeallacha. Ón taobh sin de, tá teipthe ar an bpleanáil réigiúnach go dtí seo, agus caithfear teacht ar smaointe úra chun an scéal a leigheas. Pléifear smaointe dá leithéid níos deireanaí san alt seo.

### An Phleanáil Réigiúnach in Éirinn

I gcás na hÉireann, tosaíodh ar an bpleanáil réigiúnach i bhfad níos lúaithe ná

mar a tharla i dtíortha eile, le bunú Bhord na gCeantar Cúng i 1891. Ba é cuspóir na heagraíochta sin ná cabhrú leis na ceantair fhíorbhochta ar imeallbhord thiar na hÉireann ina raibh dlús an-ard daonra. Chuir an Bord raon leathan scéimeanna i bhfeidhm d'fhonn borradh a thionscnamh san eacnamaíocht – scéimeanna talmhaíochta, iascaireachta, tionscláiochta – chomh maith le gnéithe bunstruchtúir. Ar ndóigh, eiseamláir luath ba ea é den Fhorbairt Tuaithle Iomlánaithe (*Integrated Rural Development*). Dá ainneoin sin, chuir an rialtas nua neamhspleách deireadh leis an mBord i 1923.

Ní fhacthas rian den phleanáil réigiúnach sa stát deisceartach go dtí 1952, nuair a ritheadh acht san Oireachtas chun deontais a chur ar fáil do thionscail nua in Iarthar na hÉireann. Ó shin i leith sa tír seo tugadh túis áite sa phleanáil réigiúnach – agus náisiúnta – d'fhorbairt na tionscláiochta. De bharr na géarchéime eacnamaíocha náisiúnta a tháinig chun cinn i rith na gcaogaídí, leathnáodh scéim na ndeontas le freastal ar an stát ar fad i 1956, ach fós bhí deontais níos airde le fáil san 'Tarthar Oifigiúil' (Cúige Chonnacht, na trí chontae in Ultaibh, an Clár, Ciarraí agus Iarthar Chorcaí).

Ó 1959 ar aghaidh, leagadh an bhéim i bpolasaí forbartha an stáit ar chomhlachtaí iasachta a mhealladh isteach, go mór mór trí dheontais agus faoisimh chánach a chur ar fáil dóibh. Bhí sé mar pholasaí neamhfhoirmiúil ag an rialtas go scaipí na comhlachtaí a thiocfadh isteach go forleathan ar fud na tíre. Chuir neart saineolaithe i gcoinne an pholasaí seo ag an am; bhí siad sin den tuairim go meallfaí níos mó comhlachtaí dá lonnófaí iad i raon cúng de bhalte móra a d'fhorbrófaí mar láirionaid tionscláiochta ina mbeadh raon leathan seirbhísí agus bunstruchtúr den scoth ar fáil. Moladh a leithéid de pholasaí i sraith de thuarascálacha oifigiúla ag an am.

### An tÚdarás Forbartha Tionscal agus an Phleanáil Réigiúnach Thionscláioch

Dá ainneoin sin, de réir mar a chuaigh blianta na seascaidí thart, mhéadaigh an sruth d'infheistíocht sheachtrach, agus b'fhacthas gurbh fhearr le formhór na geomhlachtaí nua cur fúthu i mbailte beaga. Mar sin, bheartaigh an rialtas cloí le polasaí an scapthe, agus nuair a tugadh freagrácht as an bpleanáil réigiúnach thionscláioch don Údarás Forbartha Tionscal (UFT) i 1969, thug an eagraíocht sin facin bpolasaí seo a chur ar bhonn foirmiúil. Deineadh sin trí na pleannanna tionscláiocha a chum an UFT i gcomhair na náoi réigiún pleánala (a leagadh amach sna seascaidí) don tréimhse ó 1973 go dtí 1982.

De réir na bpleannanna sin, cuireadh bailte móra na tíre le chéile ina ngrúpaí áitiúla (suas le 50 grúpa ar fad) agus tugadh sprioc do gach grúpa ó thaobh poist a chruthú sa tionscláiocht i rith na tréimhse thuasluaite. Ní fhacthas riamh in aon tir chaipitleach iarracht chomh huailmhianach chun smacht lárnoch a chur ar shuíomh tionscal. Dá ainneoin sin, caithfear a rá gur éirigh go maith leis an UFT ó thaobh a chuid spriocanna a bhaint amach, agus chonacthas sna seachtoidí aistriú suntasach i ndáileadh thionscal na déantúsaíochta in Éirinn ó na cathracha móra go dtí na bailte agus na ceantair thuaithe (cé gur chabhraigh laghdú mór sna thionscail thraigisiúnta – teicstíl agus éadaí go háirithe – sna cathracha leis an bpróiseas seo).

Eiseamláir chlasaiceach den phleanáil 'anuas ón mbarr' a bhí i bpolasaí seo an UFT. Cinneadh i mBaile Átha Cliath go bhfaigheadh gach ceantar áitiúil poist sa tionscláiochta i geomhréir le daonra an cheantair sin. Bunaíodh réamh-mhonarchana ar fud na tíre agus baineadh úsáid as solúbthacht sa ráta deontais a cuireadh ar fáil chun an polasaí a chur i gcrích. Bhí an UFT ag brath go mór freisin ar chomhlachtaí iasachta a bhí, i gcoitinne,

sásta cur fúthu i gcibé áit sa tír a theastaigh ón UFT fad is a bhí dóthain lucht oibre agus bunstruchtúr sásúil ann. Sa chomhthéacs seo, is sunstasach gur mhéadaigh ráta na hinfheistíochta ón iasacht go mór tar éis d'Éirinn ballraíocht a bhaint amach sa Chomhphobal Eorpach i 1973. Obair gan scileanna, ag baint úsáide as teicneolafocht nua agus as amhábhair iasachta, is mó a bhí le fáil sna monarchana nua. Ní raibh aon ghá le hacmhainní áitiúla seachas lucht oibre neamhoilte a bhí le fáil go forleathan ar fud na tíre.

D'fhás méid na fostaiochta in earnáil na tionsclaíochta i rith na seachtoidí in Éirinn. Ach, mar gheall ar an ngéarchéim eacnamaíochta i dtús na n-ochtoidí, agus mar gheall ar dhea-thionchar na ballraíochta sa CE a bheith ag dul i léig, tháinig laghdú mór ar líon na geomhlachtaí iasachta a bhí ag teacht chun na tíre. Mar sin, d'éirigh an UFT as an bpleanáil réigiúnach fhoirmiúil, cé go bhfuil sé le feiceáil go bhfuil ag éirí níos fearr fós le hiarthar na tíre ó thaobh na fostaiochta sa tionsclaíocht de i gcomparáid leis an oirthear agus leis an deisceart. Ach rud níos tábhactaí fós, tá líon ionlán náisiúnta na bpost sa tionsclaíocht tar éis titim go mór. Is léir anois nach féidir a bheith ag brath a thuilleadh ar an earnáil iasachta seo chun mórán fostaiochta a sholáthar sa tir seo. Ní hé nach bhfuil méadú ar tháirgeadh na hearnála seo – tá forbairt mhór á déanamh aici i gceónaí – ach, de bharr na teicneolaíochta nua, níl breis oibrithe ag teastáil lena aghaidh.

### Earnáil na Seirbhísí agus an Phleanáil Réigiúnach

Táthar ag brath ar na seirbhísí mar fhoinsé fostaiochta, mar sin, agus is léir ó thíortha forbartha an domhain gur san earnáil seo amháin, beagnach, atá borradh san fhostaíocht. I gcás na hÉireann, áfach, tá dhá fhadhb mhóra ag baint leis seo. Sa chéad áit, cé nach bhfuil earnáil na

tionsclaíochta tábhachtach a thuilleadh ó thaobh na fostaiochta de, tá sí ríthábhachtach fós maidir leis an maoin bhunúsach a ghiniúint a mbraitheann na seirbhísí uirthi. Ach, toisc gurb iad na comhlachtaí iasachta a ghineann formhór na maoine seo in Éirinn, sníonn an chuid is mó di as an tir i bhfoirm brabaigh, nó trí sheirbhísí a cheannach ó thar lear (go háirithe ó cheanncheathrúna na gcomhlachtaí atá i gceist).

Dá ainneoin sin, is fíor ag an am céanna gur tharla borradh mór i líon na bpost sna seirbhísí in Éirinn le tríocha bliain anuas. Ar ndóigh, sna seachtoidí cruthaíodh cúig phost in earnáil na seirbhísí in aghaidh gach poist a cruthaíodh in earnáil na tionsclaíochta. Cé gur tháinig moill ar an ráta fáis sna seirbhísí sna hochtóidí, caithfear é sin a chur i gcomparáid leis an titim mhór a tharla san fhostaíocht in earnáil na déantúsaíochta sa tréimhse chéanna.

Is é an dara fadhb ná gur i gceantar na príomhchathrach is mó atá na seirbhísí ag fás. Tá leath na fostaiochta sna seirbhísí ag Baile Átha Cliath mar a bhfuil cónaí ar thrian de dhaonra an stáit. Agus, dá thábhactaí iad na seirbhísí, is mó atá siad bailithe sa phríomhchathair. Chomh maith leis an rialtas féin, bionn an formhór mór de cheanncheathrúna na geomhlachtaí móra agus na n-eagraíochtaí náisiúnta lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Fágann sin comhdhlúthú an-ard d'fheidhmeannaigh agus de bhainisteoirí na tíre – na daoine a dhéanann na cinní tábhactacha – sa phríomhchathair. Faightear inti freisin formhór na geomhlachtaí a chuireann seirbhísí ar fáil do chomhlachtaí eile, e.g. seirbhísí airgeadais agus dlí, comhairleoíri de gach sórt, taighde eolaíochta agus margáiochta.

Idir fheidhmeannaigh agus chomhairleoíri, tá na daoine ar na tuarastail is airde sa tir bailithe le chéile i mBaile Átha Cliath. Sin an phríomhchúis a bhfuil an caighdeán maireachtála is airde sa tir sa cheantar seo. Rud is tábhactaí fós ná sin,

déantar freastal níos fearr ar chomhlachtaí atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath ó thaobh comhairleoirí den scoth agus seirbhísí tábhachtacha eile de. Ina theannta sin, tá teacht níos fusa i gcoitinne ag comhlachtaí sa phríomhchathair ar eolas úsáideach, toisc an chomhdhlúthú ard de dhaoine agus d'eagraíochtaí a bhíonn ag plé le heolas sa cheantar. Tugann sé sin buntáiste mór do chomhlachtaí sa phríomhchathair ar chomhlachtaí in áiteanna eile ó thaobh eolais ar tháirgí, ar mhodhanna agus ar theicneolaíocht nua, rud a chuireann go mór leis an mbearna idir an croílár náisiúnta agus an chuid eile den tir.

In ainneoin na bhfadhbanna seo, níor deineadh riámh aon iarracht chun polasaí cuimsitheach réigiúnach a chur le chéile d'earnáil na seirbhísí. Ba é an t-aon chéim a tugadh sa treo seo ná an polasaí chun oifigí rialtais a aistriú go dtí bailte ar fud na tíre. Tosaíodh ar an bpolasaí seo sna seachtóidí, nuair a aistríodh 460 post go dtí Baile Átha Luain, Caisleán an Bharraigh agus Gaillimh. Bhí bearna deich mbliana idir céadfhógairet an aistrithe go dtí Baile Átha Luain agus an t-aistriú féin, rud a léiríonn cé chomh diograiseach is a leanadh den pholasai.

I 1980, fógraíodh go n-aistreofaí 3200 post eile go dtí dhá ionad déag ar fud na tíre, ach chuir an comhrialtas an plean seo ar athló sna hochtóidí go dtí gur tháinig Fianna Fáil ar ais i gcumhacht i 1987. Tá an scéim seo anois beagnach curtha i gcrích, agus i lár 1991 fógraíodh plean nua chun 1750 oibrithe poiblí breise a aistriú go dtí seacht n-ionad sna réigiún. Ach, má chuirtear na scéimeanna seo go léir le chéile, níl i gceist ach an cíúigí cuid de lón na seirbhíseach poiblí sna ranna stáit (gan trácht ar neart oifigí poiblí eile). Beidh níos mó ná leath na seirbhíseach seo i mBaile Átha Cliath fós, tar éis 25 bliana a bheith caite ag plé le haistrithe den saghas seo.

Ina theannta sin, níl sna haistrithe seo ach oifigí a bhaineann le gnáthchúrsaí na

ranna stáit, i.e. obair ar leibhéal íseal, ar phá íseal. Mar sin, ní chabhróidh na haistrithe leis an mbearna ioncaim idir an croílár agus an t-imeall a laghdú – ar ndóigh, is i méid a rachaidh an bhearna, de bharr oibrithe ar phá íseal a bheith ag imeacht ón bpriomhchathair. Toradh níos tábhachtai fós is ea nach ndéanfaidh na haistrithe dada chun cumhacht a dhíláru, mar go bhfanfaidh na leibhéil is airde den státseirbhís i mBaile Átha Cliath go fóill.

### An Gá le Dilárú Cumhachta

Tá neart scríofa – agus dada déanta – faoin dilárú cumhachta in Éirinn, an tír is mó láru cumhachta in iarthar na hEorpa, deirtear. De réir theoric an diláraithe, ba chóir go mbeadh gach feidhm rialtais á riart ar an leibhéal is ísle ar ar féidir é a dhéanamh go héifeachtach. Mar shampla, ba chóir airgead an Chránnchuir Náisiúnta a dháileadh ar na húdaráis áitiúla, agus a fhágáil fúthu siúd an t-airgead a sheoladh ar aghaidh chuig tionscadail fhiúntacha. Ba chóir go mbeadh tuiscint níos fearr ag na húdaráis áitiúla ar cad is tionscadal fiúntach ann ina gceantar fein.

De ghnáth, is é cuspóir lucht molta an diláraithe ná an daonlathas in Éirinn a neartú trí níos mó cumhachta a tharraingt go dtí an leibhéal áitiúil. Argóint eile ná trí fhuinneamh agus acmhainní áitiúla a fhuascailt go gcuireann an dilárú le beocht eacnamaiochta na tíre i gcoitinne. Is iad na tíortha is diláraithe na tíortha is saibhre san Eoraip. Deirtear go gcothaíonn traidisiún láidir daonlathais áitiúil feinmhuinín agus fonn dul chun cinn sa duine.

Tá argóint láidir i bhfabhar an diláraithe mar bhealach i dtreo na pleánála réigiúnaí. De réir na hargóna seo, ba chóir roinnt mhaith d'fheidhmeanna an stáit a lonnú i bpriomhchathracha réigiúnacha (Port Láirge, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh, Sligeach agus, b'fhéidir, Leitir Ceanainn agus Baile Átha Luain, mar shampla). Ní píosaí de ranna stáit

náisiúnta a bheadh sna hionaid sin (mar atá i gceist sa pholasáí atá á chur i bhfeidhm faoi láthair), ach raon leathan d'oifigí agus cúram a ceantair féin ar gach ceann acu. Bheadh an-chuid smachta ag na cathracha réigiúnacha seo ar chúrsaí taobh istigh dá réigiún féin. D'fhéadfaí formhór na státseirbhiseach a dhilárú. Bheadh feidhmeannaigh ardleibhéal lonnaithe sna cathracha réigiúnacha, gan ach mionlach fágtha i mBaile Átha Cliath chun freastal ar na státseirbhísigh ardleibhéal a mbeadh cúraimí náisiúnta agus idirnáisiúnta amháin idir láhma acu.

Ní hamháin go bhféadfadh gach cathair réigiúnach plean forbartha a chur le chéile a bheadh dírithe ar riachtanais agus ar acmhainní a réigiún féin, ach toisc raon leathan d'oifigí poiblí a bheith lonnaithe i ngach cathair, mheallfaí seirbhísí príobháideacha (seirbhísí airgeadais, dlí, comhairleoireachta, etc.) go dtí na cathracha céanna. Leanfadh gnólachtaí a sholáthraíonn trealamh oifige na hoifigí poiblí agus príobháideacha seo, agus mar sin ghinfí beocht eacnamaíochta ar fud na tíre, seachas í a bheith bailithe in aon chathair amháin mar atá faoi láthair.

Cé go bhfuil cuma an-chiallmhar ar an teoiric seo, is beag seans atá ann go gcuircfear i bhfeidhm í riamh, toisc fórsaí láidre a bheith ina coinne. Sa chéad dul síos, tá maorlathas lánach na státseirbhise, agus go háirithe an Roinn Airgeadais, go mór i gcoinne an diláraithe. Is maith leis an maorlathas seo an smacht atá acu ar sparán an stáit agus an chumhacht a théann leis. Féach nár bhain ríaltas na hÉireann úsáid cúpla bliain ó shin as ciste de chuid an Chomhphobail Eorpaigh a bhí dírithe ar fhorbairt phobail, toisc go raibh an t-airgead le dáileadh ar na grúpaí áitiúla gan dul trí mheán an ríaltas náisiúnta, agus nach raibh an Roinn Airgeadais sássta leis sin.

Is é an dara fórsa láidir ná cultúr polaitiúil na tíre seo. Tá sé sin bunaithe ar Theachtaí Dála a bheith ag freastal ar

riachtanais áitiúla, in ionad a bheith ag plé le ceisteanna náisiúnta (féach an tinreamh íseal sa Dáil, a bhíonn le feiceáil anois ar an teilifís gach oíche nuair a bhíonn an Dáil ina suí, agus chomh hannamh a bhíonn an Dáil ina suí sa chéad áit). Scriosfaí an cultúr seo dá dtabharfaí smacht ar chúrsaí leighis agus leasa shóisialaigh d'údaráis áitiúla. Ina theannta sin, de réir an chultúir mar atá sé faoi láthair, bíonn na Teachtaí Dála ag brath go mór ar mhaorlathas an stáit chun eolas tábhachtach a thabhairt dóibh agus chun garanna eile a dhéanamh dóibh. Dá bhí sin, b'fhuath leo athruithe a chuirfeadh an caidreamh atá acu leis an maorlathas i mbaol. Idir an maorlathas agus na polaiteoirí tá comhghuaillíocht chumhachtach ann atá go mór i gcoinne dilárú cumhactha in Éirinn, agus tá sé deacair a fheiceáil conas a d'fhéadfaí an chomhghuaillíocht mhíllteach seo a shárú.

### An Talmhaíocht agus an Phleanáil Réigiúnach

Toisc an talmhaíocht a bheith antábhachtach fós sa chóras eacnamaíochta, ba chóir go mbeadh aít lánach ag an earnáil seo sa phleanáil réigiúnach in Éirinn. Ach, dála earnáil na seirbhísí, níor cuireadh riamh aon pholasáí faoi leith don talmhaíocht le chéile i gcomhthéacs na pleánalaí réigiúnaí sa tir. B'fhéidir gurb é an phríomhchúis leis seo ná an dearcadh oifigiúil gurbh í an tionsclaíocht an t-aon bhealach forbartha do na ceantair sin ina bhfuil an talmhaíocht ar siúl ar leibhéal íseal.

Mar is eol do chách, tá deighilt leathan idir an t-oirthear agus an t-iarthar in Éirinn ó thaobh shaibreas na talmhaíochta de. Cuireann líne a shíneann ó Dhún Dealgan go Luimneach agus ó dheas go Cloich na Coillte an deighilt seo in iúl go garbh. Ní hamháin go bhfuil an ithir níos torthúla san oirthear, ach, tríd is tríd, tá na feirmeacha san oirthear i bhfad níos mó freisin. Ar an ábhar sin, tá meánioncam na

bhfeirmeacha san oirtheard i bhfad níos airde ná mar atá sé san iarthar.

Sa deireadh thiar thall is é an t-aon réiteach ar an scéal seo ná meán-achar na bhfeirmeacha san iarthar a mhéadú go leibhéal a thabharfaidh ioncam sásúil d'fhormhór na bhfeirmeoirí sa Réigiún. Ag obair i gcoinne an chuspóra atá an stádas ard atá ag an bhfeirmeoir beag i gcultúr polaitiúil na tíre seo (go háirithe i gcultúr Fhianna Fáil) agus an maoithneas a bhraitear go forleathan i leith fheirm na clainne.

Dhein Bord na gCeantar Cúng an-obair chun feirmeacha bídeacha san iarthar a chónascadh. I 1923, nuair a cuireadh deireadh leis an mBord sin, leagadh an fhreagracht as an bpróiseas cónascha ar Choimisiún na Talún. Is féidir a rá nach raibh an Coimisiún an-éifeachtach ó thaobh an cúram seo a chur i bhfeidhm. Taobh amuigh den mhaorlathas a ghabh leis agus chomh mall a bhí sé ó thaobh modhanna oibre de, bhí an Coimisiún de shíor faoi bhrú polaitiúil chun píosaí de cibé talamh ar ghlac sé seilbh air a thabhairt do gach feirm sa chomharsanacht. Dá thoradh sin, is annamh a fuair feirm ar bith dóthain talún chun caighdeán maireachtála sásúil a sholáthar.

Tar éis d'Éirinn dul isteach sa Chomhphobal Eorpach i 1973, cuireadh scéim fhorbartha i bhfeidhm anseo faoi choimirce an Chomhpholasáí Talmhaíochta. Faoin scéim sin, tugadh cabhair faoi leith d'fheirmeoirí a bhí in ann ioncam a bheadh ioncurtha leis an ngnáthioncam sa tionsclaíocht a bhaint amach trí phlean forbartha a leanúint ar feadh sé bliana. Bhiothas ag súil go bhféadfai breis talún a chur ar fáil d'fheirmeoirí beaga fiúntacha trí scéimeanna eile a chuirfeadh traenáil ar fáil d'fheirmeoirí óga nó a thabharfadh enapshuim agus pinsean do shean-fheirmeoirí a bhí sásta éirí as an bhfeirmeoireacht. Ach theip glan ar na scéimeanna seo, agus fágadh beagnach gach feirm san iarthar gan dóthain acraí

chun cabhair ón scéim fhorbartha a thuilleamh.

Ceann de na fáthanna ar theip ar na scéimeanna seo ná gur tugadh isteach scéim eile i 1976 chun cabhrú le feirmeacha i gceantair a bhí faoi mhíbhuntáiste. Tugadh deontas ar gach beithíoch agus caora a bhí ag an bhfeirmeoir suas go leibhéal áirithe. Ón túis, cháiligh iarthar na hÉireann go léir mar cheantar a bhí faoi mhíbhuntáiste. Ceapadh an scéim ar dtús chun feirmeoirí a choimeád i gceantair shléibhtiúla mar na hAilp a bhí i mbaol a mbánaithe. Ach bhí sé mar chuid de pholaitíocht an Chomhphobail go gcaithfeadh gach ballstát leas a bhaint as aon scéim a cheapfaí, agus leathnaíodh an scéim go dtí ceantair in Éirinn nach raibh aon bhaol láithreach ann go mbánófaí iad.

Bhí scéim amháin i bhfeidhm ag spreagadh feirmeoirí chun éirí as an talmhaíocht, mar sin, agus scéim eile ag iarraidh ar na feirmeoirí céanna fanacht ar an talamh! Is furasta a fheiceáil ón easpa comhordaithe seo nach raibh aon dearcadh cinnte ag an gComhphobal, ná ag an rialtas anseo in Éirinn, ar cad ba chóir a dhéanamh le feirmeacha beaga na hÉireann. Is féidir a rá anois gurb é dearcadh an rialtais anseo nach fiú aon iarracht a dhéanamh chun cur le táirgiúlacht na bhfeirmeoirí seo, toisc nach mbeadh de thoradh air seo ach go gcuirfí le farasbarr talmhaíochta an Chomhphobail.

### An Fhorbairt Tuaithe Iomlánaithe

Táthar anois ag gríosú fheirmeoirí an iarthair chun féachaint lasmuigh den talmhaíocht i gcomhair ioncam breise. Tá scéim anois ag an gComhphobal a bhfuil sé mar aidhm aici Forbairt Tuaithe Iomlánaithe a chothú. De réir na scéime seo, ba chóir acmhainní go léir na tuaithe a fhorbairt ar bhonn comhordaithe, ionas gur féidir le muintir na tuaithe ioncam a thuilleamh ó fhoinsí éagsúla. Faoi láthair, tá treoirscéimeanna ar siúl in áiteanna éagsúla ar fud na tíre. Is féidir a rá ó

fhianaise na scéimeanna seo go bhfultear ag brath go mór ar an turasóireacht (agus go háirithe ar lóistín a sholáthar ar fheirmeacha) agus ar an bhforaoiseacht mar fhoinsí breise ioncaim.

Is í fír oifigiúil na todhchaí d'iarthar na hÉireann í gur ceantar é ina mbeidh an-chuid daoine ag plé le feirmeoireacht go fóill, ach ar leibhéal íseal, le hairgead breise ag teacht isteach ón turasóireacht, ón bhforaoiseacht, agus ó focaiochtaí leasa shóisialaigh. Tá sé deacair a rá cé chomh sásta a bheidh muintir an réigiún leis an bhfís seo, ach i láthair na huaire, leis an mborradh scanrúil atá faoin difhostaíocht sa tír, b'fhéidir nach ró-olc an rogha í.

### Forbairt Phobail

I ndáiríre, ba dheacair féachaint ar na treoirscéimeanna thuasluaithe mar shamplaí cearta d'fhorbairt iomlánaithe. Leis an bhfírinne a rá, níl iontu ach scéimeanna chun fhoinsí breise ioncaim a chur ar fáil do dhaoine a fhéachann orthu féin go príomha mar fheirmeoirí. Ba chóir don fhorbairt iomlánaithe gach grúpa sa phobal, agus ní na feirmeoirí amháin, a chur san áireamh, agus gach gné den saol eacnamaíochta agus sóisialta a chur san áireamh freisin. Ní féidir é sin a chur i gcrích ach tríd an bpróiseas forbartha a eagrú trí mheán an phobail i gcoitinne.

B'fhacthas an chéad rian den saghas seo forbartha in Éirinn sna seascaidí, agus is sa Ghaeltacht a bhí sé. Ceaptar gurbh é an tAthair Séamus Mac Duibhir i nGleann Cholm Cille foinse na hinspioráide agus gurbh é Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta an meán cothaithe. Míshásamh le torthaí na forbartha 'anuas ón mbarr' a bhí á leanúint ag an rialtas, agus go háirithe leis an tionchar a bhí aici ar an nGaeltacht, is mó a bhí taobh thiar den għluaiseacht fhorbartha phobail a d'fhás sa Ghaeltacht sa tréimhse seo.

An Comharchumann Forbartha Pobail an meán eagraithe a bhí ag an ngluaiseacht seo, agus faci lár na seachtoidí bhí a

leithéid le fáil go forleathan ar fud na Gaeltachta. Dhíoltaí scaireanna i measc an phobail chun cnap caipítil a chur le chéile, agus de ghnáth bhíodh scair amháin ar a laghad ag an bhformhór mór de theaghlaigh an phobail. Thoghtáí coiste ag cruinniú ginearálta de na scairshealbhóirí, agus cheaptáí bainistoir lánimseartha le cabhair scéim dheontais a bhí i bhfeidhm ag Roinn na Gaeltachta ag an am. Ansin, théadh an comharchumann i mbun gnó.

Bhíodh raon an-leathan imeachtaí ar siúl ag na comharchumainn seo – agus ar ndóigh tá roinnt acu ag feidhmiú fós. Bhain roinnt de na himeachtaí seo le seirbhísí bunúsacha poiblí a chur ar fáil (soláthar uisce píopaithe, giniúint leictreachais); roinnt eile le cúrsaí gnó (colaistí samhraidh, míntíriú talún, soláthar riachtanaí feirmeoireachta, tigíni saoire); agus roinnt eile le himeachtaí sóisialta agus cultúrtha (halláí pobail, ceol agus rince, drámaíocht). Samplaí níos fearr iad seo den fhorbairt iomlánaithe ná roinnt de na samplaí a bhí le feiceáil níos déanaí.

Léiríonn torthaí suirbhéanna a deineadh ag an am go raibh ard-mheas ar na comharchumainn seo i measc na bpobal áitiúil – meas níos mó ná mar a bhí ar iarrachtaí Ghaeltarra Éireann agus a chomharba Údarás na Gaeltachta, a bhí sírithe beagnach go hiomlán ar phoist lánimseartha sa tionsclaíocht a chruthú sa Ghaeltacht. Tuilleadh an meas seo toisc na comharchumainn a bheith fréamhaithé sa phobal féin agus – níos tābhactaí fós – toisc go raibh an pobal ag baint sochar forleathan as na comharchumainn (uisce, leictreachas, lóisteoirí ó na colaistí samhraidh, soláthair fheirmeoireachta). I gcás Údarás na Gaeltachta, mura bhfaigheadh ball den teaghlach post i monarcha, is beag sochar a bhainfeadh an teaghlach sin as imeachtaí na heagraíochta sin.

In ainneoin na mbuntáistí sin, bhí deacrachtaí móra ag formhór na gcomharchumann – deacrachtaí a chuir

deireadh le roinnt mhaith acu i ndeireadh thiad. Bhí fadhbanna caipitil acu go léir, agus iad ag brath go mór ar iasachtaí bainc; mar sin, chuir rátaí arda úis an-bhrú orthu. Bhí fadhbanna bainistíochta ag a bhformhór freisin, de dheasca easpa oiliúna a bheith ar bhaill na gcoistí stiúrtha agus na bainisteoirí araon. Is minic a thug siad faoi raon róleathan imeachtaí gan dóthain réamhphleanála a dhéanamh. Thar rud ar bith eile, d'fhás fadhbanna as tionscadail a raibh sé mar aidhm acu poist a chruthú *per se* in ionad seirbhísí a sholáthar i measc an phobail. Agus, cé go bhfuair siad roinnt mhaith cabhair airgid ón stát, tríd is tríd ní bhfuair siad dóthain tacaíochta ó na heagraíochtaí a bhí ag plé leo, ó Údarás na Gaeltachta go háirithe. D'fhéadfai a rá go raibh feidhmeannaigh na heagraíochta sin ró-amhrasach faoi chomh neamhghnách agus chomh hamaitéarach is a bhí na comharchumainn. D'fhéadfai a rá freisin nár thuig na feidhmeannaigh sin cad a bhíonn ag teastáil chun forbairt phobail a chur i gcrích, ná cé chomh tábhachtach agus atá an fhorbairt phobail mar chultaca leis an bhforbairt ghinearálta. Agus tá gach dealramh ann nach dtuigeann oifigigh an stáit i gcoitinne inniu na fíricí seo ach oiread.

Sna hochtoidí, leath na comharchumainn phobail go dtí an chuid eile den tír. Bhunaigh Comhlacht Forbartha na Sionainne scéim faoi leith chun iad a chothú sa réigiún láriartharach. Ansin thosaigh an Áisínteacht Fostaíochta Óige (atá ina cuid de FÁS anois) scéim eile chun fointair phobail a spreagadh. Anois tá aonad faoi leith laistigh den Roinn Saothair chun comharchumainn de gach saghas a chothú. Ach is féidir a rá faoi na scéimeanna seo ná gurb é an t-aon aidhm atá acu ná poist a chruthú. Ní fheictear do lucht a riartha go bhfuil aon ghné níos leithne ag baint leis an bpróiseas forbartha pobail. Féachann siad ar comharchumainn mar chuid d'earnáil an ghnó bhig atá á cothú go tréan anois toisc nach bhfuil

dóthain fostáiochta á cruthú ag comhlactaí móra.

Ar fud na tíre faoi láthair tá neart grúpaí áitiúla a bhfuil forbairt leathan phobail mar aidhm acu, ach atá ag brath ar scéimeanna stáit a bhfuil tosaíochtaí eile acu (cruthú fostáiochta, seirbhísí sóisialta a sholáthar, traenáil) toisc nach bhfuil aon pholasáí fadtéarmach ag an rialtas i gcomhair na forbartha pobail faoi leith. Féachann ceannairí na ngrúpaí seo ar an bhforbairt phobail mar bhealach chun scileanna agus féinmhuijnín a mhúscailt i measc an phobail, agus chun acmhainní an phobail i gcoitinne a aithint agus a shaothrú. Feiceann siad go bhfuil na hacmhainní seo á múchadh ag struchtúr láraithe maorlathach an stáit, agus go bhfuil an tír ar fad thíos leis.

### Críoch

Is léir go bhfuil ceangal láidir idir an dísláru cumhachta, forbairt an phobail, agus an phleanáil réigiúnach in Éirinn. Na húdaráis áitiúla ab fhearr chun acmhainní áitiúla a aithint agus a shaothrú dá dtabharfaí an chumhacht dóibh chun é sin a dhéanamh. Ba chóir do na húdaráis áitiúla – má fhaigheann siad an chumhacht – feidhmiú in éineacht le grúpaí áitiúla pobail san obair seo. San fhadtéarma, ginfeair cultúr fiontraíochta i bhfad níos láidre – cultúr atá go mór de dhíth faci láthair – trí dhaoine agus ghrúpaí a spreagadh chun gnó ar an leibhéal seo ar fud na tíre.

Níl aon rian go dtuigeann an stát – idir pholaiteoirí agus státseirbhísigh – tábhacht an cheangail seo. Cé go bhfuil an chabhair réigiúnach atá le teacht ón gComhphobal Eorpach méadaithe go mór, tá sé thírithe beagnach go hiomlán ar fheabhsú bhonneagar na tíre (bóithre go háirithe). Is léir nach bhfuil aon áit don fhorbairt phobail i bpleannanna an rialtais. Ar ndóigh, féach, an bealach inar cumadh na pleannanna do na réigiún a bhí ag teastáil chun an t-airgead breise a thuilleamh – is

ar éigean a lorgadh aon chomhairle áitiúil nuair a bhí na pleannanna sin á gcur le chéile.

De réir an achta is déanaí faoi leasú rialtais áitiúil in Éirinn, táthar chun údaráis réigiúnacha a bhunú a mbeidh sé mar chúram acu seirbhísí an stáit a chomhordú ar an leibhéal seo. Gan amhras, tá gá lena leithéid de chomhordú. Ag an am céanna, tá baill na n-údarás seo le ceapadh as measc bhaill na gcomhairlí contae in ionad iad a thoghadh go díreach. Dá

thoradh sin, is beag teagmháil a bheidh ag na húdaráis réigiúnacha leis an ngnáthdhuine. Ina theannta sin, ní hionann comhordú seirbhísí an stáit lárnáigh agus fíorchumhacht: ní bheidh aon údarás ag na 'húdaráis' seo – ní bheidh iontu ach aisínteachtaí de chuid an rialtais, faoi mar atá na comhairlí contae faoi láthair. Is fada uainn fós dílárú réalaioch cumhachta in Éirinn agus, ina éagmais sin, is fada uainn freisin pleanáil éifeachtach réigiúnach sa tir seo.